RÚN (AE) 2022/1735 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hOifige Eorpaí Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann — EUAA anois) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na hOifige Eorpaí Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V a ghabhann lena Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0107/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis ar ioncam agus ar chaiteachas ([1]), gurbh é EUR 130 986 611 buiséad críochnaitheach na hOifige Eorpaí Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann anois) ("an Oifig") don bhliain airgeadais 2020, arb ionann é agus méadú 27,25 % i gcomparáid le 2019; baineann an méadú den chuid is mó le caiteachas a bhain le tacaíocht oibríochtúil; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais, go príomha, a thagann buiséad na hOifige;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ("an Chúirt"), ina tuarascáil maidir le cuntais bhliantúla na hOifige don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil na Cúirte"), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na hOifige beacht agus go bhfuil fianaise iniúchóireachta leordhóthanach faighte aici maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an ioncaim agus an chaiteachais is bun leis na cuntais; á thabhairt dá haire gur mór aici go bhfuil na cúiseanna a bhí ann leis an tuairim sin ar chaiteachas is bun leis na cuntais a cháiliú réitithe ag an Oifig agus nár tháinig an Chúirt ar aon earráidí ábhartha;

C. de bhrí go dtarraingíonn an Chúirt, gan amhras a chaitheamh ar an tuairim iniúchóireachta a léirítear thuas, aird ar an gcaoi a mbeidh tionchar ag cás atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta, cás T-621/20 (*EMCS* v *EASO*), ar ghnéithe den tuairim sin; de bhrí gur sheol an Oifig nós imeachta oscailte in 2020 chun oibrithe gníomhaireachta sealadacha a chur ar fáil chun tacú lena ceanncheathrú agus lena hoibríochtaí i Málta le méid iomlán measta de EUR 27,7 milliún thar 48 mí; de bhrí go ndearna an tairgeoir nár éirigh leis gearán oifigiúil in aghaidh na hoifige sa Chúirt Ghinearálta in 2020, ag tabhairt dhúshlán thoradh an nós imeachta soláthair;

Toradh imcrúdú na hOifige Frith-Chalaoise Eorpaí (OLAF)

1. á thabhairt dá haire, i ndiaidh tuarascáil a fháil ón Oifig Frith-Chaolaoise Eorpach (OLAF) ag deireadh 2018, a clúdaíodh go forleathan sa tuarascáil maidir le hurscaoileadh do 2018, gur thionscain an Oifig trí nós imeachta araíonachta in 2019, atá ar siúl faoi láthair; á chur in iúl gur mór aici an comhar idir bainistíocht reatha na hoifige agus OLAF agus a thiomanta atá sé aghaidh a thabhairt ar na moltaí atá beartaithe; á chur in iúl gur díol sásaimh di gealltanas na hOifige an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi thabhairt chun críche na n-imeachtaí sin;

Bainistiú buiséid agus airgeadais

2. á thabhairt dá haire, de thoradh ar iarrachtaí faireacháin buiséid, go raibh ráta cur chun feidhme 95,14 % ann i rith bhliain airgeadais 2020, tuairim is an leibhéal céanna le 2019 (95,22 %); á thabhairt dá haire, agus is ábhar imní di, go raibh an ráta forghníomhaithe ag 80,91 % le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, ráta a mheasann an Chúirt a bheith íseal, a léiríonn laghdú 8,95 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (89,86 %); á thabhairt dá haire, agus is ábhar imní di, gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid go raibh na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a tugadh anonn le haghaidh caiteachas oibriúcháin ard, 33,8 %, agus go raibh an ráta cealaithe leithreasuithe buiséid a tugadh anonn ó 2019 go 2020 ard freisin, 19 %; á thabhairt dá haire an chonclúid ón gCúirt go bhfuil an méid sin ag teacht salach ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta; á iarraidh ar an Oifig obair leantach a dhéanamh ar an moladh ón gCúirt chun feabhas a chur ar a timthriallta pleanála buiséid agus cur chun feidhme, agus á iarraidh ar an Oifig an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta;

([1]) IO C 114, 31.3.2021, lch. 191.

3. á thabhairt dá haire gur fhógair an Chúirt íocaíochtaí a rinneadh in 2020 de mhéid iomlán EUR 1 177 848 a bheith neamhrialta mar go raibh baint acu le hearráidí soláthair i nósanna imeachta a rinneadh in 2016 agus 2017 i ndáil le háitreabh ar cíos sa Róimh, agus le nósanna imeachta soláthair a d'fhógair an Chúirt a bheith neamhrialta sna blianta roimhe sin (i.e. soláthar le haghaidh áitreabh ar cíos in Lesbos, d'oibrithe eatramhacha san Iodáil agus do shaineolaithe seachtracha); á chur in iúl gur mór aici na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag bainistíocht reatha na hOifige chun na conarthaí sin a fhoirceannadh, i gcás inar féidir, nó an tionchar airgeadais a bheidh acu amach anseo a laghdú ar bhealach eile;

4. á chur in iúl gur geal léi gur laghdaíodh faoina leath líon na mbarúlacha atá ar feitheamh ó thuarascálacha iniúchóireachta na Cúirte roimhe seo idir 2019 agus 2020; á thabhairt dá haire, áfach, go raibh stádas "ar siúl faoi láthair" ag 8 gcinn as 12 mholadh; á iarraidh ar an Oifig barúlacha na Cúirte a chomhlíonadh agus gníomhú chun a hoibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh;

5. ag meabhrú na conclúide ón gCúirt, maidir leis an mbliain airgeadais 2017, gur lag na nósanna imeachta chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas a bhaineann le taisteal; á chur in iúl gur díol sásaimh di go ndearna an Oifig fiosrúchán inmheánach ar an ábhar, a raibh torthaí OLAF mar thoradh air freisin; á thabhairt dá haire go bhfuil obair leantach á déanamh ar na torthaí sin agus go bhfuil aghaidh á tabhairt orthu go dlíthiúil; á thabhairt dá haire gur thug an Oifig isteach nósanna imeachta feabhsaithe chun faireachán a dhéanamh ar chaiteachas a bhaineann le taisteal ag tús 2020;

6. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur bunaíodh an 11 Meitheamh 2021 beartas éifeachtach chun áitreabh ar cíos agus seirbhísí gaolmhara a bhainistiú, rud a bhí á lorg ag an gCúirt, agus gur cuireadh i bhfeidhm go hiomlán é ón 1 Eanáir 2022;

7. ag meabhrú mholadh na Cúirte don bhliain airgeadais 2018 gur cheart don Oifig rialú airgeadais éifeachtach *ex post* a bhunú; á thabhairt dá haire go bhfuil dhá chineál rialuithe *ex post* bunaithe ag an Oifig tar éis an mholta sin; á iarraidh ar an Oifig na próisis leanúnacha do 2020 agus 2021 a thabhairt chun críche go pras agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi na torthaí gan mhoill;

8. á thabhairt dá haire conclúid bhord bainistíochta na hOifige go bhfuil an chostéifeachtacht agus an breisluach a bhaineann le cumas iniúchóireachta inmheánaí a bhunú, i dteannta na feidhme iniúchóireachta a cuireadh ar fáil cheana féin ag Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin, diúltach;

Feidhmíocht

9. á thabhairt dá haire gur thuairiscigh an Oifig go ndearna sí 5 313 íocaíocht in 2020, i gcomparáid le 9 871 íocaíocht in 2019, le 334 (6,29 %) de na híocaíochtaí á n-íoc breis is 30 lá i ndiaidh sonrasc a fháil, i gcomparáid le 1 312 (13,29 %) in 2019; á thabhairt dá haire gur íocadh ús arbh ionann é agus EUR 6 374,89 in 2020, i gcomparáid le EUR 25 652,34 in 2019; á thabhairt dá haire gur geal léi an feabhas suntasach atá tagtha ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán i dtaobh sprioc-am íocaíochta agus an laghdú ar ús a íoctar ar íocaíochtaí déanacha;

10. á mheabhrú gur chuir mionaoisigh neamhthionlactha isteach thart ar 13 600 iarratas ar thearmann sna Ballstáit in 2020; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé córas glactha sonrach a sholáthar do mhionaoisigh a thugann cosaint dóibh;

11. á thabhairt dá haire go n-úsáideann an Oifig bearta áirithe mar eochairtháscairí feidhmíochta chun feidhmíocht a cuid gníomhaíochtaí a mheasúnú; á thabhairt dá haire gur geal léi go bhfuil spriocanna fhormhór na dtáscairí bainte amach nó sáraithe, d'ainneoin na ndeacrachtaí a bhí le sárú de thoradh phaindéim COVID-19; á thabhairt dá haire gur saoth léi nach bhfuil aon sonraí náisiúnta ar fáil ó Bhallstáit i gcás roinnt táscairí agus á iarraidh ar na húdaráis náisiúnta ábhartha agus ar an Oifig dul i ngleic leis an tsaincheist sin trí gach bealach atá ar fáil di.

12. á thabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go gcomhoibríonn an Oifig go rialta le gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus, go háirithe, le gníomhaireachtaí um cheartas agus um ghnóthaí baile; á chur in iúl gur díol sásaimh di an comhar atá bunaithe ar chomhaontuithe déthaobhacha comhair, amhail socruithe oibre idir an Oifig agus an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ("Frontex"), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF i Limistéar na Saoirse, na Slándála agus an Cheartais ("eu-LISA"), agus pleananna comhair le Frontex agus le eu-LISA chun comhthionscadail a ailíniú ar bhealach níos fearr agus chun faisnéis a roinnt go córasach;

Beartas foirne

13. á thabhairt dá haire go raibh 78,96 % den phlean bunaíochta i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2020 agus go raibh 289 ngníomhaire shealadacha ceaptha as 366 ghníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 284 phost údaraithe in 2019) agus go raibh 17 bpost eile tairgthe nó glactha; á thabhairt dá haire go raibh, sa bhreis air sin, 91 ghníomhaire ar conradh agus saineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Oifig in 2020 agus gur tairgeadh nó gur glacadh le 22 phost, le 123 agus 11 phost arna n-údarú, faoi seach;

14. á chur in iúl gur geal léi an treocht íslitheach i líon na n-oibrithe eatramhacha i gcomparáid le líon iomlán na foirne; á thabhairt chun suntais gur ceann de na cúiseanna is bonn leis an spleáchas ar fhoireann eatramhach ná an mhoill ar ghlacadh agus ar theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (an "Rialachán") lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann; á chur in iúl gur díol sásaimh di teacht i bhfeidhm an Rialacháin, lena gcumasaítear do Ghníomhaireacht nua an Aontais Eorpaigh um Thearmann saineolaithe a íoctar a fhostú; á chur i bhfios go láidir, go ndearna an Oifig idirphlé gníomhach leis an gCoimisiún, chun an spleáchas sin a laghdú; á chur in iúl gur oth léi nach bhféadfaí ach réitigh ghearrthéarmacha a shainaithint agus nár ceadaíodh don Oifig 58 ngníomhaire chonarthacha a fhostú in 2020 ach amháin ar feadh tréimhse bliana, go dtí go nglacfaí leis an Rialachán a bhí beartaithe; á thabhairt dá haire, áfach, go raibh an Oifig i gcruachás mar gheall ar mhoill ar ghlacadh an Rialacháin, toisc nár cheadaigh an comhaontú di síneadh a chur leis na conarthaí sin go dtí go dtiocfadh an Rialachán nua i bhfeidhm; á thabhairt dá haire, agus é ina chúis aiféala di, an easpa forléargais thromchúiseach thar ceann an Choimisiúin agus na poist seo á gceapadh agus á leithdháileadh ar an Oifig; á chur i bhfios go raibh tionchar diúltach ag an staid sin ar chumas na hOifige foireann a earcú agus ar a cuid gníomhaíochtaí;

15. á thabhairt dá haire, agus is cúis imní di, in ainneoin chonclúid na Cúirte go ndearnadh dul chun cinn maidir le foireann nua a mhealladh, ciallaíonn an ráta forghníomhaithe 78,96 % nár éirigh leis an Oifig don cheathrú bliain as a chéile spriocanna an phlean bunaíochta a bhaint amach; á thabhairt dá haire gur earcaíodh 58 ngníomhaire ar conradh sa bhreis in 2020, nár foráladh dóibh sa phlean bunaíochta; á chur in iúl gur díol sásaimh di ráta áitíochta na hOifige atá ag méadú de réir a chéile agus gur sháraigh an Oifig de bheagán ráta forghníomhaithe 90 % a phlean bunaíochta a rabhthas ag súil leis faoi dheireadh 2021; á chur in iúl gur díol sásaimh di an laghdú a tuairiscíodh ar an ráta athraithe foirne, ó 6,58 % in 2019 go 5,73 % in 2020;

16. ag meabhrú chonclúid na Cúirte ón mbliain airgeadais 2017 go raibh an faireachán ar chonarthaí lag a bhain le comhlíonadh na rialacha náisiúnta maidir le hoibrithe eatramhacha; á thabhairt dá haire go bhfuil Cás C-948/19 ar feitheamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ("an Chúirt Bhreithiúnais"), staonfaidh an Chúirt ó aon bharúlacha a thabhairt maidir le rialtacht chur chuige na hOifige; á iarraidh ar an Oifig an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi na chéad chéimeanna eile a ghlacfaidh sí maidir leis an ábhar a luaithe a bheidh a cinneadh foilsithe ag an gCúirt Bhreithiúnais sa chás sin;

17. ag meabhrú chonclúid na Cúirte ón mbliain airgeadais 2018 go ndearnadh conarthaí na hOifige le cuideachtaí TF a chur le chéile ar bhealach a thabharfadh le tuiscint go sannfaí oibrithe gníomhaireachta sealadacha in ionad seirbhísí nó táirgí a bheadh sainithe go soiléir, rud a bheadh ina shárú ar Rialacháin Foirne agus rialacha fostaíochta sóisialta an Aontais; ag meabhrú mholadh na Cúirte gur cheart don Oifig conarthaí a dhréachtú ar bhealach a chuirfeadh cosc ar aon mhearbhall idir soláthar seirbhísí TF agus soláthar oibrithe eatramhacha, agus á thabhairt dá haire tuairim na Cúirte don bhliain airgeadais 2020 go bhfuil dul chun cinn fós á dhéanamh maidir leis an tsaincheist sin; á iarraidh ar an Oifig aghaidh a thabhairt ar an ábhar sin go pras;

18. ag meabhrú chonclúid na Cúirte don bhliain airgeadais 2019 nach raibh rian iniúchóireachta láidir sna nósanna imeachta a úsáideadh chun saineolaithe seachtracha a roghnú agus conradh a dhéanamh leo agus go raibh na híocaíochtaí ina dhiaidh sin ar na conarthaí sin neamhrialta; á thabhairt dá haire gur chuir an Oifig na moltaí ón gCúirt chun feidhme agus glao nua ar léiriú spéise á eisiúint aici in 2020; á iarraidh ar an Oifig an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéanfar;

19. á chur i bhfios go láidir go bhfuil tionchar diúltach ar fheidhmiú na hOifige ag leithdháileadh post, ag an gCoimisiún, ar leibhéal díréireach i ndáil leis na ceanglais agus na cúraimí atá beartaithe do phost áirithe;

20. á thabhairt dá haire an cinneadh ón gCúirt go raibh 16 phost bainistíochta folamh san Oifig in 2020 agus gur ar bhonn gníomhach a bhí 10 gcinn de na poist sin líonta ar feadh breis is bliain amháin; á thabhairt dá haire conclúid na Cúirte go bhfuil sé sin ag dul i gcoinne na Rialachán Foirne, lena gcuirtear teorainn bliana ar thréimhse ceapachán sealadach bainistíochta agus go mb'fhéidir go ndéanfadh neamhchinnteacht den chineál sin ag an leibhéal post bainistíochta lagú ar leanúnachas straitéiseach agus ceannaireachta na hOifige;

([2]) Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lch. 1).

21. á mheabhrú, go bhfuil an Oifig ag brath go réasúnta ar chomhar na mBallstát agus a cuid oibríochtaí á gcur i gcrích aici, e.g. ó thaobh líon na saineolaithe náisiúnta a chuirtear ar fáil mar chuid den Díorma um Idirghabháil Tearmainn dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lena mbunaítear an Oifig; á chur i bhfáth, de réir na Cúirte, mar gheall ar an líon teoranta saineolaithe náisiúnta den sórt sin a cuireadh ar fáil, gur bhraith an Oifig tuilleadh ar oibrithe gníomhaireachta sealadacha ar conradh chun cúraimí tacaíochta oibríochtúla a dhéanamh ar an láthair; á iarraidh ar na Ballstáit a n-oibleagáidí maidir le saineolaithe náisiúnta a chomhlíonadh ionas nach gá don Oifig brath ar chonraitheoirí seachtracha;

22. á thabhairt dá haire, agus is ábhar imní di, cothromaíocht inscne na hOifige ina bainistíocht shinsearach, ina bhfuil deichniúr fear (83,3 %) agus beirt bhan (16,7 %) agus ar a bord bainistíochta, ina bhfuil 21 fhear (67,7 %) agus deichniúr ban (32,3 %); á thabhairt dá haire go bhfuil 186 fhear (38,0 %) agus 304 bhean (62,0 %) ar an bhfoireann ar an iomlán; á iarraidh ar an nGníomhaireacht cothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta agus ar leibhéal na foirne amach anseo; á iarraidh an athuair ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit go gcuirfear san áireamh an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú agus a gcuid comhaltaí á n-ainmniú acu do bhord bainistíochta na hOifige;

23. á thabhairt dá haire an cás atá ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta i dtaca leis an nós imeachta maidir le hoibrithe sealadacha a fhostú i Málta; á thabhairt chun suntais gur cheart ardleibhéil trédhearcachta a chomhlíonadh agus na nósanna imeachta soláthair poiblí go léir á seoladh laistigh de ghníomhaireachtaí an Aontais; á iarraidh ar an Oifig faisnéis rialta a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh maidir le staid agus cúrsa na n-imeachtaí cúirte sa chás sin;

Soláthar

24. á thabhairt dá haire gur sheol an Oifig 65 nós imeachta in 2020, i gcomparáid le 48 nós imeachta in 2019, lena ndearnadh idirbheartaíocht ar nós imeachta le hiarrthóir amháin (40 %) sa tromlach díobh agus glaonna oscailte (26,15 %);

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

25. á thabhairt dá haire freagra na hOifige ar an údarás um urscaoileadh i leith dearbhuithe leasa, ina luaitear go síníonn gach comhalta foirne dearbhú leasa ar dhul isteach sa tseirbhís; á thabhairt dá haire go bhfuil dearbhú leasa an stiúrthóra feidhmiúcháin foilsithe ar shuíomh gréasáin na hOifige; á athdhearbhú, a hiarraidh ar an Oifig dearbhuithe leasa chomhaltaí eile na bainistíochta sinsearaí a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin;

26. á thabhairt dá haire go bhfuil beartas athbhreithnithe um choinbhleacht leasa sa chéim dheiridh den chomhairliúchán idirseirbhíse sula gcuirtear faoi bhráid an bhoird bhainistíochta é; á iarraidh ar an Oifig an beartas athbhreithnithe seo a thabhairt chun críche;

Rialú inmheánach

27. á chur in iúl gur geal léi an t-athbhreithniú a rinneadh ar na straitéisí rialaithe i gcás na bpríomhghníomhaíochtaí rialaithe atá i bhfeidhm ag an Oifig, lenar leanadh cur chuige riosca-bhunaithe agus inar glacadh éifeachtacht na rialuithe ó thaobh éifeachtacht costais san áireamh; á chur in iúl gur geal léi an feabhas atá ag teacht go ginearálta san Oifig ar rialú inmheánach, lena n-áirítear soláthar, agus atá le tuiscint ó thuarascáil na Cúirte; á thabhairt dá haire, i dtaca leis sin, barúil na Cúirte gur scoradh in 2020 Plean Gníomhaíochta Rialaithe 2018 agus gur comhtháthaíodh sin sa tuarascáil faireacháin ráithiúil chuig an mbord bainistíochta agus san fhéinmheasúnú rialaithe inmheánaigh, ach go measann an Chúirt roinnt gníomhaíochtaí a bheith fós ábhartha agus go gcaithfear iad a chíoradh go críochniúl, agus á iarraidh ar an Oifig leanúint leis na gníomhaíochtaí sin a chur i bhfeidhm, á thabhairt dá haire, go háirithe, an líon oibrithe eatramhacha a thagann in áit comhaltaí foirne, an leibhéal post bainistíochta atá folamh agus nuashonrú ar an mbeartas coinbhleachta leasa, agus an t-údarás um urscaoileadh a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta;

28. á chur in iúl gur geal léi an machnamh mionsonraithe atá déanta ar fhéinmheasúnú rialaithe inmheánaigh na hOifige agus atá mar chuid den tuarascáil bhliantúil chomhdhlúite maidir le gníomhaíochtaí, inar tugadh léargas maith ar staid an rialaithe inmheánaigh san Oifig. á thabhairt dá haire conclúid an fhéinmheasúnaithe go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh na hOifige éifeachtach agus éifeachtúil, ach go bhfuil roinnt feabhsuithe de dhíth; á mholadh don Oifig leanúint leis an dea-chleachtas a bhaineann leis na feabhsuithe a aithnítear a mheasúnú agus a chur chun feidhme;

29. á chur in iúl gur geal léi gur treisíodh cur chun feidhme an chreata rialaithe inmheánaigh tuilleadh in 2020, trí fheidhm rialuithe *ex-post* a chur leis, agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt ar bharúlacha a rinne an t-údarás um urscaoileadh sna blianta roimhe sin;

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (IO L 132, 29.5.2010, lch. 11).

Freagairt COVID-19 agus leanúnachas gnó

30. á thabhairt dá haire bunú fhoireann freagartha COVID-19 san Oifig le cinneadh ón stiúrthóir feidhmiúcháin an 11 Márta 2020 chomh maith le freagairt chomhordaithe na hOifige i leith phaindéim COVID-19; á chur i bhfáth go gcuireann méid agus castacht oibríochtaí na hOifige agus imeachtaí a tharla le déanaí amhail paindéim COVID-19 béim ar an tábhacht a bhaineann leis an bplean sin a bhí foirmiúil agus cothrom le dáta; á thabhairt dá haire gur ghlac an Oifig lena plean leanúnachais gnó an 31 Márta 2021;

31. á chur in iúl gur geal léi tacaíocht na hOifige do na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as paindéim COVID-19, amhail tionchar phaindéim COVID-19 ar ghnéithe sonracha den phróiseas tearmainn agus den athlonnú, trí mheán cruinnithe físchomhdhála ar a líonraí téamacha; á chur in iúl gur geal léi na moltaí a eisíodh maidir le réitigh chianda le haghaidh agallaimh chlárúcháin agus tearmainn; á thabhairt dá haire, agus is mór aici, plean réamhghníomhach na hOifige um fheidhmiú céimneach chun iarrthóirí tearmainn agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta a vacsaíniú;

32. á chur in iúl gur díol sásaimh di go dtuairiscíonn an Oifig go raibh tionchar dearfach ag roinnt de na bearta a glacadh mar fhreagra ar phaindéim COVID-19 ar fheidhmíocht na hOifige ó thaobh an chomhshaoil, go háirithe laghdú ar ídiú leictreachais, laghdú ar a mhéid a chuir an Oifig le hastaíochtaí CO_2 ar fud an domhain ó thaisteal de bharr gur cuireadh misin agus taisteal ar ceal i gcás rannpháirtithe a bhí le freastal ar chruinnithe agus ar sheisiúin oiliúna na hOifige, agus an deireadh a cuireadh leis an riachtanas d'iarratasóirí a bhí rannpháirteach i nósanna imeachta roghnúcháin agus i measúnachtaí scríofa a bheith i láthair go fisiciúil, ag brath ina áit sin ar roghanna malartacha arna mbainistiú ó chian (físchomhdhálacha agus measúnachtaí ar líne faoi fhaireachán);

Tuairimí eile

33. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil an Oifig ag féachaint ar bhearta comhshaoil a choinneáil agus tionscnaimh níos fadtéarmaí a chur leo chun a lorg carbóin a laghdú agus dul i ngleic le réimsí an fhoirgnimh ghlais agus na soghluaisteachta inbhuanaithe ó thaobh taisteal foirne, comaitéireacht níos glaise chuig an obair agus ar ais agus taisteal a bhaineann le dul chuig cruinnithe agus gníomhaíochtaí oiliúna; á mholadh don Oifig na ceachtanna a fhoghlaimíonn sí a roinnt le comhaltaí eile de Líonra Ghníomhaireachtaí AE;

34. á thabhairt dá haire agus í buíoch dá réir gur bunaíodh Earnáil Gnóthaí Dlíthiúla agus Cosanta Sonraí na hOifige laistigh den Oifig Feidhmiúcháin in 2020; á thabhairt chun suntais go rannchuidíonn an Earnáil Gnóthaí Dlíthiúla agus Cosanta Sonraí le timpeallacht dhlíthiúil fhónta a chinntiú d'fheidhmiú na hOifige, ag láimhseáil nósanna imeachta dlíthíochta agus réamhdhlíthíochta agus ag déanamh ionadaíochta ar an Oifig in imeachtaí cúirte;

35. á thabhairt chun suntais gur lean an Oifig ag dul i ngleic le deacrachtaí in 2020 i ndáil le cúraimí áirithe a chomhlíonadh mar thoradh ar a sainordú as dáta, go háirithe i dtéarmaí an chreata dhlíthiúil agus na sásraí chun foirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn a imscaradh a sholáthraíonn an tacaíocht a theastaíonn ó na Ballstáit; á chur in iúl gur geal léi an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air agus teacht i bhfeidhm an Rialacháin, lenar claochlaíodh an oifig ina Gníomhaireacht Tearmainn lánfheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh;

36. á mheabhrú an ról tábhachtach a chomhlíonann an Oifig i gcreat beartais tearmainn an Aontais, ag cabhrú leis na Ballstáit iarrthacha a bhfuil saineolas agus acmhainní luachmhara acu ar an ábhar; á chur in iúl gur geal léi gur síníodh plean tacaíochta oibríochtúil nua leis an Spáinn in 2020, rud a fhágann go bhfuil ocht dtír san iomlán a fhaigheann cúnamh ón Oifig; á chur i bhfáth gur léirigh gníomhachtú an bhirt tacaíochta sin an Oifig ag teacht chun bheith go hiomlán oibríochtúil ina cúigiú hoibríocht Ballstát, leis na cinn eile sa Chipir, sa Ghréig, san Iodáil agus i Málta, rud a chiallaíonn go bhfuil an Oifig anois ag tacú leis na príomhthíortha ón gcéad teacht isteach chun a gcuid nósanna imeachta tearmainn, nósanna imeachta glactha, nó iad araon, a bhainistiú;

37. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([4]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.